2024/239

16.1.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/239 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Eanáir 2024

lena gceartaítear agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1421, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/652, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1490 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/320

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1421 ón gCoimisiún ([2]), údaraíodh bláthola oráiste fhuarbhrúite, bláthola oráiste dhriogtha agus olaí oráiste tiubhaithe ó *Citrus sinensis* (L.) Osbeck a úsáid mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ar feadh tréimhse 10 mbliana. In Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1421, fágadh ar lár go hearráideach bearta idirthréimhseacha a bhaineann le hábhair bheatha agus le beatha cumaisc a bhfuil na breiseáin lena mbaineann iontu agus atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad. Thairis sin, sa tuairim uaidh an 29 Meán Fómhair 2021 ([3]), ní raibh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') in ann teacht ar chonclúid maidir le sábháilteacht bláthola oráiste fhuarbhrúite, bláthola oráiste dhriogtha agus olaí oráiste tiubhaithe ó *Citrus sinensis* (L.) Osbeck mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh madraí, cat, éisc ornáideacha agus éin ornáideacha toisc nach nochtar do sheachtháirgí citris iad de ghnáth. Shoiléirigh an tÚdarás freisin nach bhfuil ola oráiste thiubhaithe, arna sainaithint mar 2b143-f-ii san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1421, beartaithe lena húsáid le haghaidh capall, coiníní, madraí, cat, éisc ornáideacha agus éin ornáideacha. Dá bhrí sin, níor cheart na speicis sin a bheith san áireamh sa cholún 'speiceas nó catagóir ainmhí' den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1421 maidir leis na breiseáin lena mbaineann. Ba cheart teideal Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1421 a choigeartú dá réir sin chun a léiriú nach mbaineann údarú na mbreiseán lena mbaineann ach le speicis ainmhíocha áirithe amháin.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/652 ón gCoimisiún ([4]), údaraíodh eastóscán oráistí Sevilla a úsáid mar bhreiseán beathaithe le haghaidh speicis ainmhíocha áirithe ar feadh tréimhse 10 mbliana. Sa tuairim uaidh an 23 Meitheamh 2021 ([5]), ní raibh an tÚdarás in ann teacht ar chonclúid maidir le sábháilteacht eastóscán oráistí Sevilla mar bhreiseán beathaithe le haghaidh madraí, cat agus éisc ornáideacha toisc nach nochtar do sheachtháirgí citris iad de ghnáth. Ina theannta sin, fágadh ar lár go hearráideach iontráil lena gcumhdaítear speicis eile ainmhíocha seachas iad siúd a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/652. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt a dhéanamh sa cholún 'speiceas nó catagóir ainmhí' den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán cur chun feidhme (AE) 2022/652 do gach speiceas ainmhíoch seachas madraí, cait agus éisc ornáideacha chomh maith le héin ornáideacha, nach nochtar do sheachtháirgí citris iad de ghnáth de réir chonclúidí an Údaráis sa tuairim uaidh an 29 Meán Fómhair 2021.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1421 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2022 maidir le húdarú bláthola oráiste fuarbhrúite, bláthola oráiste dhriogtha agus olaí oráiste tiubhaithe ó *Citrus sinensis* (L.) Osbeck mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 218, 23.8.2022, lch. 27).

([3]) *Safety and efficacy of feed additives consisting of expressed sweet orange peel oil and its fractions from Citrus sinensis (L.) Osbeck for use in all animal species (FEFANA asbl),* ('Sábháilteacht agus éifeachtúlacht breiseán beathaithe atá comhdhéanta d'ola craicinn oráiste mhilis fhuarbhrúite agus a codáin ó *Citrus sinensis* (L.) Osbeck lena n-úsáid le haghaidh gach speicis ainmhíoch (FEFANA asbl).' (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(11):6891. doi: org/10.2903/j.efsa.2021.6891).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/652 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2022 maidir le heastóscán oráistí Sevilla a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh speicis áirithe ainmhíocha (IO L 119, 21.4.2022, lch. 74).

([5]) Safety and efficacy of a feed additive consisting of a flavonoid-rich dried extract of Citrus x aurantium L. fruit (bitter orange extract) for use in all animal species (FEFANA asbl). ('Sábháilteacht agus éifeachtúlacht breiseáin bheathaithe atá comhdhéanta d'eastóscán tirim ar mhórán flavónóideach ó thorthaí *Citrus* x *aurantium* L. (eastóscán oráistí Sevilla) lena úsáid le haghaidh gach speicis ainmhíoch (FEFANA asbl).'] (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(7):6709. doi: 10.2903/j.efsa.2021.6709).

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1490 ón gCoimisiún ([6]), údaraíodh bláthola líomóide fuarbhrúite, codán iarmharach d'ola líomóide fuarbhrúite driogtha, bláthola líomóide driogtha (codán so-ghalaithe) agus bláthola líoma driogtha a úsáid mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh speicis ainmhíocha áirithe ar feadh tréimhse 10 mbliana. Sa tuairim uaidh an 18 Márta 2021 ([7]), ní raibh an tÚdarás in ann teacht ar chonclúid maidir le sábháilteacht ola líomóide fuarbhrúite agus a codán iarmharach agus ola líoma mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh peataí agus éisc ornáideacha toisc nach nochtar do sheachtháirgí citris iad de ghnáth. Dá bhrí sin, níor cheart éisc ornáideacha a bheith san áireamh sa cholún 'speiceas nó catagóir ainmhí' den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1490 le haghaidh an bhreiseáin a shainaithnítear mar 2b141-eo. Ina theannta sin, fágadh ar lár go hearráideach iontráil lena gcumhdaítear speicis eile ainmhíocha seachas madraí, cait agus éisc ornáideacha chomh maith le héin ornáideacha, nach nochtar do sheachtháirgí citris iad de ghnáth de réir chonclúidí an Údaráis sa tuairim uaidh an 29 Meán Fómhair 2021 agus dá bhrí sin, ba cheart é a áireamh sa cholún 'speiceas nó catagóir ainmhí' den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán cur chun feidhme (AE) 2022/1490 le haghaidh na mbreiseán a shainaithnítear mar 2b139-eo, 2b139-rf agus 2b141-eo. Ar deireadh, fágadh ar lár go hearráideach iontráil lena gcumhdaítear 'speicis eile ainmhíocha' agus dá bhrí sin, ba cheart é a áireamh sa cholún 'speiceas nó catagóir ainmhí' den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1490 le haghaidh an bhreiseáin a shainaithnítear mar 2b139-di.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/320 ón gCoimisiún ([8]), údaraíodh bláthola mandairín eastósctha a úsáid mar bhreiseán beathaithe le haghaidh éanlaith chlóis, muc, athchogantach, capall, coiníní agus salmainidí ar feadh tréimhse 10 mbliana. In Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/320, fágadh ar lár go hearráideach bearta idirthréimhseacha a bhaineann le hábhair bheatha agus le beatha cumaisc a bhfuil an breiseán lena mbaineann iontu agus atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad. Thairis sin, fágadh ar lár go hearráideach iontráil lena gcumhdaítear 'speicis eile ainmhíocha' sa cholún 'speiceas nó catagóir ainmhí' den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/320. Sa tuairim uaidh an 5 Bealtaine 2021 ([9]), ní raibh an tÚdarás in ann teacht ar chonclúid maidir le sábháilteacht bláthola mandairín eastósctha mar bhreiseán beathaithe le haghaidh madraí, cat agus éisc ornáideacha toisc nach nochtar do sheachtháirgí citris iad de ghnáth. Sa tuairim uaidh an 29 Meán Fómhair 2021, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach nochtar éin ornáideacha do sheachtháirgí citris de ghnáth. Dá bhrí sin, ba cheart iontráil lena gcumhdaítear speicis eile ainmhíocha seachas madraí, cait, éisc ornáideacha agus éin ornáideacha a áireamh sa cholún 'speiceas nó catagóir ainmhí' den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/320. Ba cheart teideal Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/320 a choigeartú dá réir sin chun a léiriú go mbaineann údarú bláthola mandairín eastósctha le liosta níos leithne speiceas ainmhíoch.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1421, (AE) 2022/652, (AE) 2022/1490 agus (AE) 2022/320 a cheartú dá réir sin.

(6) Ós rud é nach gá na ceartúcháin a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le síneadh a chur leis na hidirthréimhsí a leagtar síos sna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1421, (AE) 2022/652, (AE) 2022/1490 agus (AE) 2022/320 do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú na ceanglais a eascraíonn as na ceartúcháin sin a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ba cheart na Rialacháin Cur Chun Feidhme sin a leasú dá réir sin.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán sin i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1490 ón gCoimisiún an 1 Márta 2022 maidir le bláthola líomóide fuarbhrúite, codán iarmharach d'ola líomóide fuarbhrúite driogtha, bláthola líomóide driogtha (codán so-ghalaithe) agus bláthola líoma driogtha a údarú mar bhreiseáin beatha do speicis áirithe ainmhithe (IO L 234, 9.9.2022, lch. 1).

([7]) Safety and efficacy of feed additives consisting of expressed lemon oil and its fractions from Citrus limon (L.) Osbeck and of lime oil from Citrus aurantiifolia (Christm.) Swingle for use in all animal species (FEFANA asbl). ('Sábháilteacht agus éifeachtúlacht breiseán beathaithe atá comhdhéanta d'ola líomóide fuarbhrúite agus a codáin ó Citrus limon (L.) Osbeck agus d'ola líoma ó *Citrus aurantiifolia* (Christm.) Swingle lena n-úsáid le haghaidh gach speicis ainmhíoch (FEFANA asbl).'] (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(4):6548. doi: org/10.2903/j.efsa.2021.6548).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/320 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2022 maidir le húdarú bláthola mandairín eastósctha mar bhreiseán beatha le haghaidh éanlaith chlóis, muc, athchogantach, capall, coiníní agus salmainidí (IO L 55, 28.2.2022, lch. 41).

([9]) Safety and efficacy of a feed additive consisting of expressed mandarin oil from the fruit peels of Citrus reticulata Blanco for use in all animal species (FEFANA asbl). ('Sábháilteacht agus éifeachtúlacht breiseáin bheathaithe atá comhdhéanta d'ola mandairín eastósctha ó chraiceann torthaí *Citrus reticulata* Blanco lena úsáid le haghaidh gach speicis ainmhíoch (FEFANA asbl).'] (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(6):6625. doi: 10.2903/j.efsa.2021.6625).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartúchán agus leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1421

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1421:

'Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1421 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2022 maidir le húdarú bláthola oráiste fhuarbhrúite, bláthola oráiste dhriogtha agus olaí oráiste tiubhaithe ó *Citrus sinensis* (L.) Osbeck mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh speicis ainmhíocha áirithe'.

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1421:

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

'1. Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn agus na réamh-mheascáin a bhfuil na substaintí sin iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Lúnasa 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Feabhra 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

2. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Feabhra 2025 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Feabhra 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

3. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Feabhra 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Feabhra 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.'

3. Cuirfear Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1421.

Airteagal 2

Ceartúchán agus leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/652

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/652:

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

'1. An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn agus na réamh-mheascáin ina bhfuil an tsubstaint sin, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Lúnasa 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Feabhra 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

2. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Feabhra 2025 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Feabhra 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

3. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Feabhra 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Feabhra 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.'

2. Cuirtear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/652.

Airteagal 3

Ceartúchán agus leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1490

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1490:

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

‘1. Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn agus na réamh-mheascáin a bhfuil na substaintí sin iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Lúnasa 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Feabhra 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

2. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Feabhra 2025 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Feabhra 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

3. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Feabhra 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Feabhra 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.’

2. Cuirfear Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1490.

Airteagal 4

Ceartúchán agus leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/320

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/320:

‘Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/320 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2022 maidir le húdarú bláthola mandairín eastósctha mar bhreiseán beathaithe le haghaidh speicis ainmhíocha áirithe’.

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/320:

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

‘1. An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn agus na réamh-mheascáin ina bhfuil an tsubstaint sin, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Lúnasa 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Feabhra 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

2. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Feabhra 2025 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Feabhra 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

3. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Feabhra 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Feabhra 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.’

3. Cuirtear Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/320.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe								
2b143-eo	Bláthola oráiste fhuarbhrúite	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Bláthola oráiste fhuarbhrúite ó chraiceann torthaí *Citrus sinensis* (L.) Osbeck. ([1]). Foirm leachtach *Tréithriú na substainte gníomhaí* Bláthola a fhaightear trí fhuarbhrú ó chraiceann torthaí *Citrus sinensis* (L.) Osbeck mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach. ([2]). Sa chodán so-ghalaithe: d-Líomainéin: 93-97 % Mircéin: 1,5-3,5 % Saibinéin: 0,1-1,0 % α-Pinéin: 0,4-0,8 % Lionaló-ól: 0,1-0,7 % Deacánal: 0,1-0,7 % Ochtánal: 0,1-0,6 % Pirileaildéad: < 0,05 % Uimhir CAS: 8028-48-6 Uimhir Einecs: 232-433-8 Uimhir FEMA: 2825 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 143	Sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú Béaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis le haghaidh breithe agus pórúcháin Turcaithe lena ramhrú	-	-	80	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa. 3. Ceadaítear an meascadh le breiseáin luibheolaíocha eile ar choinníoll go bhfuil na méideanna pirileaildéid a chuirtear leis na hábhair bheatha trí na meascáin sin níos ísle ná an méid a thagann as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le haghaidh an speicis nó le haghaidh na catagóire ainmhithe. 4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	12 Meán Fómhair 2032
			Gach speiceas *Suidae* lena ramhrú	-	-	172		
			Bainbh de gach speiceas *Suidae*	-	-	144		
			Cránacha de gach speiceas *Suidae*	-	-	200		
			Athchogantaigh	-	-	130		
			Capaill	-	-	230		

		Modh anailíse (3) Maidir le d-líomainéin (marcóir fíticheimiceach) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: — crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) (bunaithe ar ISO 3140)	Speicis agus catagóirí eile ainmhithe seachas madraí, cait, éisc ornáideacha agus éin ornáideacha	-	-	50		

(1) Comhchiallaigh: Citrus sinensis (L.) Pers., Citrus aurantium (L.) Dulcis.
(2) Natural sources of flavourings - Report No. 2 [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007).
(3) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe								
2b143-di	Bláthola oráiste dhriogtha	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Driogáit (an codán so-ghalaithe) de bhláthola oráiste, a fhaightear ó chraiceann torthaí *Citrus sinensis* (L.) Osbeck. Foirm leachtach *Tréithriú na substainte gníomhaí* An codán so-ghalaithe a fhaightear trí dhriogadh bláthola oráiste arna fuarbhrú ó chraiceann torthaí *Citrus sinensis* (L.) Osbeck mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ([1]). d-Líomainéin: 93-97,5 % Mircéin: 1,5-3,5 % Saibinéin: 0,2-1,0 % α-Pinéin: 0,3-0,8 %	Sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú Béaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis le haghaidh breithe agus pórúcháin Turcaithe lena ramhrú	-	-	80	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa. 3. Ceadaítear an meascadh le breiseáin luibheolaíocha eile ar choinníoll go bhfuil na méideanna pirileaildéid a chuirtear leis na hábhair bheatha trí na meascáin sin níos ísle ná an méid a thagann as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le haghaidh an speicis nó le haghaidh na catagóire ainmhithe.	12 Meán Fómhair 2032
			Suidae	-	-	200		
			Athchogantaigh	-	-	130		
			Capaill	-	-	225		

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/239/oj

		Lionaló-ól: 0,05-0,5 % Ochtánal: 0,05-0,4 % Pirileaildéad: < 0,005 % Uimhir CAS: 8028-48-6 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 143 ***Modh anailíse*** (2) Maidir le d-líomainéin (marcóir fíticheimiceach) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: — crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) (bunaithe ar ISO 3140)	Speicis agus catagóirí eile ainmhithe seachas madraí, cait, éisc ornáideacha agus éin ornáideacha	-	-	80	4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	

(1) Natural sources of flavourings - Report No. 2 [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007).
(2) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe								
2b143-f	Ola oráiste thiubhaithe	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Ola thiubhaithe a fhaightear ó chraiceann torthaí *Citrus sinensis* (L.) Osbeck. Foirm leachtach *Tréithriú na substainte gníomhaí* Ola thiubhaithe a fhaightear trí dhriogadh codánach bláthola oráiste fuarbhrúite a fhaightear ó chraiceann torthaí *Citrus sinensis* (L.) Osbeck mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach [1] Codán do-ghalaithe: 10,5 % Sa chodán so-ghalaithe: d-Líomainéin: 89-96 % Deacánal: 0,5-2 % Lionaló-ól: 0,7-1,7 % Mircéin: 0,1-1,0 % Geiréinial: 0,1-1,0 % Pirileaildéad: < 0,3 % Uimhir CAS: 8028-48-6 Uimhir FEMA: 2822	Sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú	-	-	15,5	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa. 3. Ceadaítear an meascadh le breiseáin luibheolaíocha eile ar choinníoll go bhfuil na méideanna pirileaildéid a chuirtear leis na hábhair bheatha trí na meascáin sin níos ísle ná an méid a thagann as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le haghaidh an speicis nó le haghaidh na catagóire ainmhithe.	12 Meán Fómhair 2032
			Béaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis le haghaidh breithe agus pórúcháin	-	-	23,5		
			Turcaithe lena ramhrú	-	-	21		
			Gach *Suidae* lena ramhrú	-	-	34		
			Bainbh de gach speiceas *Suidae*	-	-	28,5		
			Cránacha de gach speiceas *Suidae*	-	-	41,5		
			Laonna (bainne púdrach)	-	-	66,5		

		Modh anailíse [2] Maidir le d-líomainéin (marcóir fíticheimiceach) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: — crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) (bunaithe ar ISO 3140)	Caoirigh agus gabhair Athchogantaigh eile lena ramhrú	-	-	62,5	4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	
			Athchogantaigh dhéiríochta seachas caoirigh dhéiríochta agus gabhair dhéiríochta	-	-	40,5		
			Capaill	-	-	62,5		
			Coiníní	-	-	25		
			Éisc seachas éisc ornáideacha	-	-	70		
			Speicis agus catagóirí eile ainmhithe seachas madraí, cait, éisc ornáideacha agus éin ornáideacha	-	-	15,5		

([1]) Natural sources of flavourings - Report No. 2 [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007).
([2]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe								
2b143-f-i	Ola oráiste thiubhaithe	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Ola thiubhaithe a fhaightear ó chraiceann torthaí *Citrus sinensis* (L.) Osbeck. Foirm leachtach *Tréithriú na substainte gníomhaí* Ola thiubhaithe a fhaightear trí dhriogadh codánach bláthola oráiste fhuarbhrúite a fhaightear ó chraiceann torthaí *Citrus sinensis* (L.) Osbeck mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ([1]). Codán do-ghalaithe: 20,9 % Sa chodán so-ghalaithe: d-Líomainéin: 79-89 % Deacánal: 3,0-5,0 % Lionaló-ól: 2,0-5,0 % Mircéin: 0,1-1,0 % Geiréinial: 0,5-1,8 % Pirileaildéad: < 0,6 % Uimhir CAS: 8028-48-6 Uimhir FEMA: 2822	Sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú	-	-	5,5	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa. 3. Ceadaítear an meascadh le breiseáin luibheolaíocha eile ar choinníoll go bhfuil na méideanna pirileaildéid a chuirtear leis na hábhair bheatha trí na meascáin sin níos ísle ná an méid a thagann as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le haghaidh an speicis nó le haghaidh na catagóire ainmhithe.	12 Meán Fómhair 2032
			Béaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis le haghaidh breithe agus pórúcháin	-	-	8		
			Turcaithe lena ramhrú	-	-	7		
